

# Oifigeach Feidhmiúcháin sna Coimisinéirí Ioncaim

## *An bhfuil tú uaillmhianach, tiomanta agus ag iarraidh foghlaim? Cuir tús le do ghairm bheatha sna Coimisinéirí Ioncaim inniu*

### Foghlaim & Forbairt?

Beidh meascán d'fhoghlaim modúlach seomra ranga le déanamh, chomh maith le hoiliúint phraiticiúil agus foghlaim ar an láthair oibre i réimsí na hiniúchóireachta agus comhlíontachta.

### Cá mbeidh mé lonnaithe?

Tá na róil seo lonnaithe in oifigí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar fud na tíre.  Féadtar tosaíocht a thabhairt do suas le dhá cheantar ar d'fhoirm iarratais.

### Cén fáth an mbeadh gairm sna Coimisinéirí Ioncaim ceart duitse?

Tá muid ag lorg daoine atá uaillmhianach, meabhrach agus tiomanta dá gcuid dualgas agus iad ag obair as a stuaim féin agus mar chuid d'fhoireann.

Le go n-éiróidh leat sa ról seo, ní mór duit:

- A bheith díograiseach, toilteanach foghlaim agus tiomanta do ról i réimsí na hiniúchóireachta agus comhlíontachta.
- Fíor-shuim a bheith agat i bhforbairtí i gcúrsaí gnó agus sa gheilleagar.
- A bheith tiomanta go hiomlán d'aon oiliúint a éilítear ort a dhéanamh.
- Scileanna láidre idirphearsanta agus cumarsáide a bheith agat.
- A bheith in ann cur le do chuid scileanna agus saineolas riachtanach a fhorbairt go tráthúil.

### Cad é an ról?

Is ról bainistíochta sóisearach é seo a thugann deis iontach chun gairm bheatha a fhorbairt sna Coimisinéirí Ioncaim.  Oibreoidh tú mar chuid d'fhoireann cánach, iniúchóireachta agus comhlíontachta sna Coimisinéirí Ioncaim.  Oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim go náisiúnta, ag soláthar feidhmeanna comhlíontachta agus iniúchóireachta do raon leathan fiontar agus déileáiltear le cánacha, custaim agus máil do cháiníocóirí.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i measc do phríomhfhreagrachtaí:

- Iniúchtaí agus obair chomhlíontachta a bhaineann le cáin, mál agus custam, lena n-áirítear úsáid teicnící iniúchóireachta leictreonacha (ríomh-Iniúchadh).
- Comhairle a thabhairt maidir le léirmhíniú ar dhlí agus ar chleachtas cánach agus custaim.
- Cruinnithe aghaidh ar aghaidh le cáiníocóirí agus le comhairleoirí cánach, chomh maith le cuairteanna ar áitribh ghnó.
- Anailís staitistiúil a úsáid chun cabhrú le comhlíontacht cáiníocóirí a mhéadú.
- Obair as do stuaim féin agus mar chuid d'fhoireann chun dul i ngleic le neamhchomhlíontacht.
- Feidhmíocht a bhainistiú maidir le comhghleacaithe a shanntar duit .

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs